Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

GA Sraith C

C/2025/1989

2.4.2025

**Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún**

(C/2025/1989)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

**'Saint-Mont'**

**PDO-FR-A0711-AM02**

**Dáta na teachtaireachta: 8 Eanáir 2025**

**TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS**

1. **Cineálacha fíniúna**

Is cineál tánaisteach é an cineál déanach a tugadh isteach sna cineálacha fíniúna in 2020 mar chineál spéise chun críche oiriúnaithe. Dá bhrí sin, is é Manseng N an t-aon chineál spéise atá ann fós chun críche oiriúnaithe.

Dá bhrí sin, is iad seo a leanas cineálacha fíniúna an ainmniúcháin:

Fíonta dearga:

— príomhchineál: Tannat N

— cineálacha forlíontacha: Cabernet Sauvignon N agus Fer N

— cineálacha tánaisteacha: Cabernet Franc N, Merlot N agus Tardif N

— cineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe: Manseng N

Fíonta rosé:

— príomhchineálacha: Tannat N, Cabernet Sauvignon N agus Fer N

— cineálacha tánaisteacha: Cabernet Franc N, Merlot N, Tardif N, Manseng B, Arrufiac B, Petit Courbu B, Courbu B agus Petit Manseng B

— cineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe: Manseng N

Is é is cuspóir don leasú seo cion chineál Tardif sna cineálacha fíniúna a chumhdaítear leis an ainmníocht a mhéadú. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil an cineál curtha in oiriúint do na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus leis an laghdú ar tháirgí cosanta plandaí a úsáid. Tá tairbhí suntasacha fíonsaothrúcháin ag baint leis freisin sa mhéid go dtacaíonn sé le forbairt chastacht aramatach, cháilíocht agus uathúlacht na bhfíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán, agus a aitheantas á choinneáil ar bun ag an am céanna. Baineann sé leas freisin as oidhreacht fíonsaothrúcháin an réigiúin.

Déanann na leasuithe seo difear don doiciméad aonair.

2. **Buaint**

Méid siúcra na bhfíonchaor

Tar éis cineál Tardif a thabhairt isteach mar chineál tánaisteach, coigeartaíodh méid siúcra na bhfíonchaor lena aghaidh dá réir sin.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

3. **Limistéar geografach**

Leasaíodh an tsonraíocht táirge chun an tagairt don Chód Geografach Oifigiúil a ionchorprú, lena n-aithnítear agus lena liostaítear na bardais de réir roinne ar an leibhéal náisiúnta. Leis an leasú eagarthóireachta sin, ligtear don limistéar geografach a bheith aitheanta le tagairt don leagan atá ann faoi láthair den Chód Geografach Oifigiúil, a d'eisigh an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

Cuireadh an tagairt chéanna leis an doiciméad aonair, faoin gceannteideal 'Limistéar geografach'.

4. **Limistéar dáileachta críochaithe**

Leasaíodh an tsonraíocht chun dáta nua a áireamh chun críochú dáileachtaí talún faoin ainmniúchán a fhormheas.

Is é is cuspóir don leasú seo an dáta a d'fhormheas an t-údarás náisiúnta inniúil athrú ar an limistéar dáileachta críochaithe laistigh den limistéar geografach táirgeachta a chur leis. Déantar dáileachtaí a chríochú trí na dáileachtaí laistigh den limistéar geografach táirgeachta a shainaithint, ar dáileachtaí iad atá oiriúnach chun an táirge atá cumhdaithe leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint atá i gceist a tháirgeadh.

Níl an limistéar geografach athraithe.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Saint-Mont

2. **An cineál táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta dearga*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá dath dian ar na fíonta dearga. Sa bhéal, is gnách gur saintréith den bhlas dea-thiúchan aramatach, rud a nochtann mionbhlasanna torthaí dearga agus dubha go minic. Tugann an struchtúr tainnine acmhainneacht mhaith stórála do na fíonta sin, rud a chuireann ar a gcumas dóibh dea-bholaithe casta torthaí criostalaithe agus spíosraí a fháil, in éineacht le toin adhmadacha de thoradh an aosaithe i mbairillí go minic.

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 12 % de réir toirte ag na fíonta dearga.

Maidir le gach baisc fíona atá réidh le cur ar an margadh, i mbulc nó i bhfoirm phacáistithe:

— tá neart alcóil iomlán nach mó ná 13,5 % tar éis saibhrithe acu i gcás fíonta dearga;

— i gcás fíonta dearga, tá cion aigéid mhalaigh acu nach mó ná 0.4 gram in aghaidh an lítir;

- bíonn méid siúcra inchoipthe (glúcós agus fruchtós) ann atá níos lú ná na méideanna seo a leanas nó comhionann leo:
  - 3 ghram in aghaidh an lítir le haghaidh fíonta dearga ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha de réir toirte níos lú ná 14 % nó cothrom leis sin;
  - 4 ghram in aghaidh an lítir le haghaidh fíonta dearga ar mó ná 14 % a neart alcóil nádúrtha de réir toirte.

Tá an aigéadacht iomlán, aigéadacht luaineach agus an cion iomlán dé-ocsaíde sulfair mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

- Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): –
- Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12
- Aigéadacht iomlán íosta: –
- Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): –
- Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): –

2. *Fíonta geala agus fíonta rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn dath ar na fíonta rosé a bhíonn dian uaireanta agus bíonn mionbhlasanna torthaí dearga orthu de ghnáth. Sa bhéal, déanann a n-iarbhlas bríomhar na fíonta comhchuí agus tugann sé cothromaíocht mhaith dóibh idir saibhreas agus aigéadacht. Tá na fíonta geala an-aramatach, saibhir agus cothromaithe a bhuí le cineál Gros Manseng B a bheith iontu.

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11,50 % de réir toirte ag fíonta geala agus rosé.

Maidir le gach baisc fíona atá réidh le cur ar an margadh, i mbulc nó i bhfoirm phacáistithe:

- tá neart alcóil iomlán nach mó ná 12,5 % tar éis saibhrithe acu i gcás fíonta geala agus rosé;
- tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) acu atá níos lú ná 4 ghram in aghaidh an lítir nó cothrom leis sin i gcás fíonta geala agus rosé.

Tá an aigéadacht iomlán, aigéadacht luaineach agus an cion iomlán dé-ocsaíde sulfair mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

- Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): –
- Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11.5
- Aigéadacht iomlán íosta: –
- Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): –
- Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): –

## 5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

### 5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha*

1.

Cleachtas fíoneolaíoch fíor-riachtanach

- Déantar na fíonta rosé trí bhrú díreach.
- Ceadaítear gualach fíonóireachta a úsáid le haghaidh úrfhíonta i dtáirgeadh fíonta rosé, i gcion nach mó ná 20 % de thoirt an fhíona rosé arna tháirgeadh ag an déantóir fíona lena mbaineann le haghaidh na buainte atá i gceist.

— Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíonta dearga a shaibhriú, agus tá an ráta uasta maidir le tiúchan páirteach socraithe ag 10 % i ndáil leis na toirteanna a úsáidtear.

— Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná 13,5 % i gcás fíonta dearga agus 12,5 % i gcás fíonta geala agus rosé.

Chomh maith leis na forálacha thuas, ní mór do na cleachtais fhíoneolaíocha a ghlactar le haghaidh na bhfíonta na hoibleagáidí a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus sa Chód Tuaithe agus Iascach a chomhlíonadh.

2.

An modh saothraithe

— Dlús plandaithe

Is é dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha 4 000 planda in aghaidh an heicteáir.

Is é 2.50 méadar nó níos lú an fad idir na sraitheanna, agus is é idir 0.80 agus 1.10 méadar an spásáil idir phlandaí sa tsraith chéanna.

Níl feidhm ag na forálacha sin maidir le fíniúnacha a phlandaítear ar léibhinn.

Le haghaidh fíniúnacha a chuirtear ar léibhinn, tá an fad idir fíniúnacha sa tsraith chéanna idir 0.9 méadar agus 1.1 méadar.

— Rialacha prúnála

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil le prúnáil Guyot shingil nó dhúbailte nó le prúnáil ghearr (a threoraítear trí úsáid a bhaint as modh phrúnáil Royat), agus is iad seo a leanas méideanna uasta in aghaidh na fíniúna:

— 12 bhachlóg inchomhairthe le haghaidh chineál Tannat N;

— 18 mbachlóg inchomhairthe le haghaidh chineálacha Petit Courbu B agus Petit Manseng B;

— 16 bhachlóg le haghaidh na gcineálacha eile.

Cibé teicníc phrúnála a úsáidtear, níor cheart an líon craobhacha ar a bhfuil torthaí in aghaidh na fíniúna, ag an gcéim 'véraison' [tús an aibithe], a bheith níos mó ná:

— 10 gcinn le haghaidh chineál Tannat N;

— 16 cinn le haghaidh chineálacha Petit Courbu B agus Petit Manseng B;

— 12 cheann le haghaidh na gcineálacha eile.

— Féadfar uisciú a údarú.

— déantar an cineál Tannat N agus na cineálacha atá beartaithe chun fíonta dearga a tháirgeadh a bhuain de láimh.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíonta dearga

63 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonta rosé

68 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Fíonta geala

69 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Limistéar geografach:

Buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta sa limistéar geografach, arb é atá ann, ar dháta formheasta na sonraíochta sin ag an gcoiste náisiúnta inniúil, críoch, go hiomlán nó go páirteach, na mbardas seo a leanas ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024:

Bardais a bhfuil a gcríoch iomlán laistigh den limistéar geografach: Aignan, Arblade-le-Bas, Armous et Cau, Aurensan, Beaumarchès, Bernède, Bouzon-Gellenave, Castelnavet, Caumont, Corneillan, Couloumé-Mondebat, Courties, Fusterouau, Gazax et Baccarisse, Ju-Belloc, Labarthète, Ladevèze-Ville, Ladevèze-Rivière, Lannux, Lasserrade, Lelin-Lapujolle, Louslitges, Loussous-Débat, Lupiac, Margouët-Meymes, Maulichères, Peyrusse-Grande, Peyrusse-Vieille, Plaisance, Pouydraguin, Projan, Riscle (iarbhardas Ricles), Sabazan, Saint-Aunix-Lengros, Saint-Mont, Saint-Pierre-d'Aubézies, Sarragachies, Tasque, Termes-d'Armagnac, Tieste-Uragnoux, Tourdun agus Verlus. Bardais a bhfuil cuid dá gcríoch laistigh den limistéar geografach: Averon-Bergelle, Dému, Marciac agus Seailles.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Arrufiac B - Arrufiat

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Courbu B - Gros Courbu

Fer N – Fer Servadou, Braucol, Mansois, Pinenc

Gros Manseng B

Manseng Noir N

Merlot N

Petit Courbu B

Petit Manseng B

Tannat N

Tardif N

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Tá an limistéar geografach ar comhfhad – thart ar 100 ciliméadar – ó na Piréiní sa deisceart agus ón Aigéan Atlantach san iarthar. Síneann sé thar limistéar cnocach ar an dá thaobh de ghleannta na habhann Adour agus ceann dá craobh-aibhneacha, an Arros.

Tá na plandálacha fíniúna scaipthe thar fhánaí i gcroílár réigiún talmhaíochta atá dírithe ar shaothrú measctha agus ar fheirmeoireacht beostoic, áit a bhfuil ról tábhachtach ag saothrú arbhair Indiaigh.

Cumhdaítear leis críoch 46 bhardas.

Bíonn na teochtaí séimh agus sách aonchineálach ar fud an limistéir gheografaigh de ghnáth. Tá grádán báistí láidir ann ón iarthar go dtí an t-oirthear, ó 1 000 milliméadar in aghaidh na bliana go 800 milliméadar in aghaidh na bliana.

Bíonn an samhradh agus tús an fhómhair te agus go minic tirim, go háirithe mar thoradh ar an ngaoth 'foehn' aneas, a shéideann go minic le linn na tréimhse sin.

Tá an tsubstráit gheolaíoch éagsúil. San iarthar tá sé comhdhéanta den chuid is mó de 'Sables Fauves' [gaineamh osbhuí], foirmíocht mhuirí ón tréimhse Threasach, a dtagann a theorainn theas le chéile le teorainn an limistéir gheografaigh. Tá leatháin ghláracha ársa orthu sin, áit a dtagann púróga chun cinn agus a gcruthaítear snaíochar ar na fánaí.

Níos faide soir imíonn na 'Sables Fauves' agus cuirtear molás ina n-ionad, agus is gné fhollasach den tírdhreach iad cisil chailcreacha.

Is iad seo a leanas na hithreacha a d'fhorbair ar an tsubstráit sin:

— ithreacha cré-aolchloiche a d'fhorbair ar an molás;

— nó ithreacha aigéid láiste a d'fhorbair ar 'Sables Fauves' agus snaíochar méarógach.

Tá cion íseal dúl mianrach sna hithreacha sin.

Déantar uisce breise a dhraenáil leis na fánaí, agus sa chuid thiar den limistéar le cineál gainmheach agus clochach na hithreach.

Le struchtúr casta an tír-raoin, a leanann príomhghleannta Adour agus Arros, eagraithe go minic feadh línte teicteonacha, agus ansin scoilte ina iomairí tánaisteacha, cruthaítear meascán suíomhanna atá dírithe i dtreonna éagsúla.

Is léir go bhfuil moirfeolaíocht na ngleannta neamhshiméadrach. Is minic a bhíonn an fána a bhfuil a aghaidh siar géar, murab ionann agus an taobh a bhfuil a aghaidh soir, a bhfuil fána réidh aige.

Chomh maith leis na fíonta dearga agus 'clairet' a tháirgtear i limistéar mór d'abhantrach Adour agus atá beartaithe d'áitritheoirí na sléibhte Piréiní, táirgtear fíonta geala in iarthar an limistéir gheografaigh ó dheireadh na Meánaoiseanna agus onnmhairítear iad go tuaisceart na hEorpa ó bhí an 17ú haois ann.

Mar thoradh ar choincleach phúdrach, coincleach chlúmhach agus fiollocsaeire a tháinig i ndiaidh a chéile, chomh maith leis an éileamh ard ar fhíon lena dhriogadh in Armagnac, tháinig laghdú mór ar limistéir na bhfíniúnacha atá beartaithe do tháirgeadh fíonta ar ardchaighdeán, a chuaigh ar gcúl roimh 'Piquepoules', fíniúnacha ísle a úsáidtear chun fíonta a tháirgeadh lena ndriogadh.

Ar deireadh, mar thoradh ar mheicniú na talmhaíochta i lár an 20ú haois, leathnaíodh limistéir faoi arbhar Indiach agus géaraíodh an meath i limistéir fíonsaothrúcháin.

Bunaíodh an chéad chomhlachas chun fíonta 'Saint-Mont' a chosaint in 1957. Chuir sé tús le hathnuachan, in 1970, ar fhíonghoirt bunaithe ar chineálacha fíniúna áitiúla amhail na cineálacha dearga Tannat N, Cabernet Franc N, Cabernet Sauvignon N agus Fer N agus na cineálacha geala Arrufiac B, Courbu B, Gros Manseng B agus Petit Manseng B.

Aithníodh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Saint-Mont' in 2011.

Tá dath dian ar na fíonta dearga. Sa bhéal, is gnách gur saintréith den bhlas an dea-thiúchan aramatach a nochtann mionblasanna torthaí dearga agus dubha. Tugann an struchtúr tainnine acmhainneacht mhaith stórála do na fíonta sin, rud a chuireann ar a gcumas dóibh dea-bholaithe casta torthaí criostalaithe agus spíosraí a fháil, in éineacht le toin adhmadacha de thoradh an aosaithe i mbairillí go minic.

Bíonn dath ar na fíonta rosé a bhíonn dian uaireanta agus bíonn mionbhlasanna torthaí dearga orthu de ghnáth. Sa bhéal, déanann a n-iarbhlas bríomhar na fíonta comhchuí agus tugann sé cothromaíocht mhaith dóibh idir saibhreas agus aigéadacht.

Tá na fíonta geala an-aramatach, saibhir agus cothromaithe a bhuí le cineál Gros Manseng B a bheith iontu.

Tá na fíonghoirt suite ar na dáileachtaí talún is fabhraí, agus iad grúpáilte ina n-oileáin saothraithe scaipthe thar fhánaí dea-dhírithe ina bhfuil cion mianrach íseal agus ithreacha dea-dhraenáilte.

Tá an limistéar geografach in abhantrach Adour, agus is é cineál Tannat N agus cineálacha Gros Manseng B agus Petit Manseng B is mó atá i gceist leis an stoc fíniúnacha, atá an-oiriúnach d'aeráid measartha tais an limistéir gheografaigh agus do na hithreacha doimhne. Mar sin féin, tá a suíomh ag crosbhóthar idir roinnt réigiún fíonsaothrúcháin tar éis na fíonghoirt a shaibhriú le hionchuir ó na réigiúin máguaird, go sonrach i ndáil lena n-oidhreacht plandaí, a bhuí leis na trí abhantrach Garonne de Cabernet Franc N, Cabernet Sauvignon N agus Merlot N, a n-éascaítear a mbunú freisin leis an aeráid aigéanach.

Mar thoradh ar na cleachtais arna gcur chun feidhme ag táirgeoirí, rinneadh buaint de láimh éigeantach ar chineálacha atá beartaithe chun fíonta dearga a tháirgeadh.

Tugadh tréimhse aosaithe iarchoipthe san umar isteach chun fíon dearg a bhfuil dea-bholaithe casta air a tháirgeadh, agus thar aon ní eile chun a áirithiú go n-éiríonn na tainniní maothlach agus síodúil. Ciallaíonn sé sin go n-aosaítear na fíonta go dtí an 1 Márta ar a laghad sa bhliain tar éis na buainte.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (buidéalú lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar ATFC Saint-Mont a fhorlíonadh le hainm an aonaid gheografaigh níos mó, 'Sud-Ouest' [Iardheisceart], i gcomhréir le forálacha na sonraíochta.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-8564051e-3037-488d-8a6f-a5c55a999fe1